

Anailísí Gnó

Aonad: Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide
Tagairt: ECDC/FGIV/2019/ICT-BA

Tá iarratais á lorg ar an bpost thuasluaite mar Ghníomhaire ar Conradh sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

Sainchuntas poist

Tuairisceoidh an sealbhóir poist don Ghrúpcheannaire um Anailís Ghnó.

An t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi, déanfaidh sé/sí staidéir TFC trí réitigh le haghaidh na nAonad oibríochtúil agus tacaíochta a anailísiú, a dhoiciméadú agus a mholadh. Déanfaidh sé innealtóireacht riachtanais ar feadh thimthriall iomlán an tionscadail/an táirge ar fad.

Beidh freagracht air/uirthi as na réimsí oibre a leanas go háirithe:

- Idirchaidreamh dlúth a dhéanamh leis na haonaid oibríochtúla agus tacaíochta, chun a gcuid riachtanas gnó agus a bpróisis ghnó a ghabháil agus a thuiscint agus chun deiseanna a shainiú chun feabhas a chur ar a gcuid oibríochtaí trí úsáid a bhaint as TF;
- Rannchuidiú le réitigh TF ar ardchaighdeán atá éifeachtúil ó thaobh costais de agus atá éifeachtach a shainmhíniú, a sholáthar agus a bhainistiú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais ghnó;
- Rannchuidiú le próisis ghnó a dhéanamh níos éifeachtaí agus a chomhchuíbhí;
- Comhleanúnachas na réiteach atá beartaithe a áirithiú le hailtíocht an ghnóthais chorparáidigh;
- Oiliúint agus tacaíocht d'úsáideoirí a chur ar fáil;
- Maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht chonarthaí;
- Treoir a thabhairt agus obair leantach a dhéanamh le sainchomhairleoirí;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar tháirgí insoláthartha;
- Rannchuidiú le gníomhaíochtaí eile ECDC, mar shampla ag gníomhú mar bhainisteoir táirge/tionscadail le haghaidh córas roghnaithe.
- Aon chúraimí eile a bhaineann lena réimse oibre, de réir mar a iarrtar.

Na cáilíochtaí agus an taithí atá ag teastáil

A. Riachtanais fhoirmiúla

Chun bheith i d'iarrthóir incháilithe, ní mór duit sraith ceanglas foirmiúil a chomhlíonadh. Is iad seo a leanas na riachtanais atá i gceist:

- Staidéar ollscoile críochnaithe 3 bliana ar a laghad arna fhianú ag dioplóma agus taithí ghairmiúil chuí bhliana ar a laghad¹;
- Eolas cruinn ar cheann amháin de theangacha oifigiúla AE agus eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile AE sa mhéid is gá chun a d(h)ualgais a chomhlíonadh²;
- A bheith ina náisiúnach de cheann de Ballstáit AE nó de chuid na hIorua, na hÍoslainne nó Lichtinstéin;
- A bheith i dteideal a c(h)eart iomlán mar shaoránach³;
- Aon oibleagáidí a fhorchuirtear leis na dlíthe is infheidhme ar sheirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- Na riachtanais charachtair maidir leis na dualgais atá i gceist a chomhlíonadh; agus
- A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

B. Critéir roghnúcháin

Tá **critéir riachtanacha** maidir le taithí ghairmiúil/eolas gairmiúil agus tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta sainaitheanta againn don phost seo.

Taithí ghairmiúil/eolas gairmiúil:

- Taithí ghairmiúil 3 bliana ar a laghad, tar éis an dioplóma a bhaint amach, a fuarthas i bpoist atá ábhartha don sainchuntas poist;
- Leibhéal oideachais i réimse ábhartha, de réir na riachtanas foirmiúil thuas (e.g. an Eolaíocht Ríomhaireachta, an Innealtóireacht Ríomhaireachta nó cáilíochtaí acadúla coibhéiseacha i réimse na Bainistíochta, na hInnealtóireachta agus/nó na dTeicneolaíochtaí Faisnéise);
- Eolas maith ar mhodheolaíochtaí agus ar dhea-chleachtais anailíse gnó, léirithe le taithí phraiticiúil i dtionscadail TF agus, más féidir, trí dheimhniúcháin ar mhodheolaíocht d'anailís ghnó atá aitheanta go hidirnáisiúnta (amhail IIBA CCBA/CBAP, IREB CPRE, nó a chomhionann);
- Taithí ar fhorbairt riachtanas agus ar bhainistíocht i dtionscadail forbartha bogearraí le linn saolré iomlán forbartha na mbogearraí;
- Taithí ar staidéir fhéidearthachta, staidéir ar an margadh (bogearraí), agus/nó cásanna gnó agus pleananna oibre TF a ullmhú;

1 Ní bhreithneofar ach dioplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin.

2 Iarrthóirí a bhfuil teanga acu nach teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh í nó a bhfuil Béarla acu mar mháthairtheanga, ní mór dóibh leibhéal an dara teanga a chruthú le teastas (B1 nó níos mó).

3 Sula gceapfar é/í, iarrfar ar an iarrthóir rathúil deimhniú ó na póilíní a chur ar fáil, rud ina léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil ar bith aige/aici.

- Taithí ar uirlisí bainistíochta tionscadal, ar mhodheolaíochtaí agus ar dhea-chleachtais;
- Taithí ar sholáthar agus/nó bainistiú conarthaí seirbhísí TF;
- Sárthuisicint ar Bhéarla, idir scríofa agus labhartha.

Tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta:

- Dírithe ar cháilíocht, ar sheirbhís den chéad scoth a sholáthar agus ar thorthaí a bhaint amach;
- Sárscileanna cumarsáide agus idirbheartaíochta;
- An cumas pleanáil a dhéanamh roimh ré, deacrachtaí a réamh-mheas agus bearta ceartaitheacha a mholadh nuair is gá;
- An cumas chun caidreamh comhoibríoch a chothú le custaiméirí agus le baill den fhoireann tionscadal.

Ag brath ar an líon iarratas a gheofar, d'fhéadfadh an coiste roghnúcháin riachtanais níos doichte a chur i bhfeidhm laistigh de na critéir roghnúcháin atá luaite thuas.

Comhdheiseanna

Is fostóir comhdheiseanna é ECDC agus iarrann sé iarratais ó na hiarrthóirí go léir a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin, gan aon idirdhealú bunaithe ar fhorais amhail aois, cine, polaitíocht, fealsúnacht nó creideamh, inscne nó gnéaschlaonadh agus beag beann ar mhíchumais.

Déantar tearcionadaíocht do na mná sa réimse gnó seo faoi láthair. Dá bhrí sin, moltar do mhná iarratais a dhéanamh.

Ceapachán agus coinníollacha fostaíochta

Ceapfar an sealbhóir poist de réir gearrliosta a mholfaidh an Coiste Roghnúcháin don Stiúrthóir. Is ar an bhfógra folúntais seo a bheidh an moladh ón gCoiste Roghnúcháin bunaithe. D'fhéadfaí a iarraidh ar iarrthóirí trialacha scríofa a dhéanamh. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhféadfaí an togra a chur ar fáil go poiblí agus nach ionann ainm a bheith ar an ngearrliosta agus duine a earcú. Déanfar an gearrliosta iarrthóirí a ullmhú tar éis próiseas roghnúcháin oscailte.

Earcófar an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi mar ghníomhaire ar conradh, de bhun airteagal 3a) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach go ceann tréimhse cúig bliana. D'fhéadfaí an conradh a athnuachan. Déanfar an ceapachán san

Fheidhmghrúpa IV.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear le rialacháin foirne an AE go gcuirfidh gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh i gcrích go rathúil.

Le tuilleadh faisnéise a fháil faoi na coinníollacha conarthacha agus oibre, féach Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, atá ar fáil ag an nasc a leanas:

http://ecdc.europa.eu/en/aboutus/jobs/Documents/Staff_Regulations_2014.pdf

Beidh an post lonnaithe i Stócólm, áit a gcuireann an Lárionad a chuid gníomhaíochtaí i gcrích.

Liosta ionadaithe

D'fhéadfaí liosta ionadaithe a chruthú agus a úsáid chun críche earcaíochta sa chás go dtiocfadh folúntais den chineál céanna chun cinn. Beidh an liosta sin bailí go dtí an 31 Nollaig

sa bhliain chéanna ina dtiteann an spriocdháta le haghaidh iarratas. Féadfar síneadh ama a chur leis an tréimhse sin.

Nós imeachta iarratais

Chun iarratas a chur isteach, seol iarratas comhlánaithe chuig agus tagairt an fholúntais agus do shloinne á lua go soiléir agat i líne ábhair an ríomhphoist.

Chun a chinntiú go mbeidh d'iarratas bailí, ní mór duit gach cuid riachtanach den fhoirm iarratais a chomhlánú. Ba cheart an fhoirm iarratais a chur isteach i bhformáid Word nó PDF. B'fhearr í a bheith comhlánaithe i mBéarla⁴. Measfar aon iarratais neamhiomlána a bheith neamhbhailí.

Tá an fhoirm iarratais ECDC ar fáil anseo ar ár láithreán gréasáin:

<https://ecdc.europa.eu/en/about-us/work-us/recruitment-process>

Tá an spriocdháta le hiarratais a chur isteach agus tuilleadh faisnéise faoi staid an nós imeachta roghnúcháin seo, mar aon le faisnéis thábhachtach faoin bpróiseas earcaíochta, ar fáil ar ár láithreán gréasáin. Is féidir teacht ar an méid sin ach an nasc thuas a úsáid.

Mar gheall ar an líon mór iarratas a fhaightear, ní rachfar i dteagmháil ach le hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

⁴ Rinneadh an fógra folúntais seo a aistriú go gach ceann de 24 theanga oifigiúla AE ón mbunleagan Béarla. Ós rud é gurb é Béarla an phríomhtheanga a úsáidtear in oibríochtaí laethúla na Gníomhaireachta, b'fhearr le ECDC an t-iarratas a fháil i mBéarla.